



Téarmaí agus Coinníollacha
le haghaidh .eu, .eu and .eu ainmneacha fearainn

EURid vzw

Leagan 13.0, 13 Deireadh Fómhair 2022

Clár na n-ábhar

Colafan	1
1. Na Sainmhínithe	2
2. Ainm Fearainn a Chlárú	3
3. D'oibleagáidí	3
4. Téarma, athnuachan agus foirceann	4
5. Táillí agus Íocaíocht	5
6. Díospóidí	5
7. Dlíteanas	5
8. Dlí agus dlínse infheidhmithe	6
9. Cosainta sonraí pearsanta	6
10. Athmheas	7
11. Ábhar ilghnéitheach	7

Colafan

EURid vzw

Telecomlaan 9

1831 Diegem

An Bheilg

RPR An Bhruiséil - VAT BE 0864.240.405

Uimh Teil. +32 2 401 27 50

info@eurid.eu

<https://www.eurid.eu>

© Téarmaí agus Coinníollacha le haghaidh .eu, .eu and .eu ainmneacha fearainn: (2022).

Tá an t-ábhar seo cosanta ag cóipcheart. Gach ceart ar cosaint.

Seachas le haghaidh úsáid inmheánach, ní féadtar aon chuid den ábhar seo a atáirgeadh agus/nó a fhoilsiú i bhfoirm ar bith nó ar aon dóigh ar bith leictreonach, meicniúil, fotacóipeáil, nó ar aon shlí eile gan chead scríofa an údair roimh ré.

Is éard atá i gceist leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo ("**Téarmaí agus Coinníollacha**") comhaontú ceangailteach idir EURid, an Chlárlann agus tusa, an sealbhóir ainm fearainn.

Sa chás go gcláraíonn tú nó athnuann tú d'ainm fearainn, deimhníonn tú gur léigh tú na Téarmaí agus Coinníollacha agus go gcomhaontaíonn tú a bheith faoi cheangal na dtéarmaí agus Coinníollacha a d'fhéadfaí a bheith tabhartha cothrom le dáta mar atá leagtha amach thíos.

1. Na Sainmhíithe

Téarma	Sainmhíniú
Ciallaíonn Ainm fearainn	ainm fearainn atá leithroinnte faoin bhFearann Barrleibhéil .eu nó a chuid athróg i scrípteanna eile (.eu and .eu).
Tagraíonn Sealbhóir ainm fearainn, Cláraí nó tusa	don duine nádúrtha, nó an duine údraithe a dhéanann ionadaíocht ar eintiteas dlítheanach agus a bhfeidhmíonn ar son eintiteas dlítheanach den gcineál sin a chláraigh ainm fearainn trí Chláraitheoir.
Ciallaíonn Ar Coimeád	nach bhféadann an t-ainm fearainn a aistriú go sealbhóir ainm fearainn nua agus/nó go Cláraitheoir eile agus nach bhféadann an sealbhóir ainm fearainn na sonraí cláraithe a bhaineann leis an ainm fearainn go dtí go bhfaighfear toradh ar ADR nó imeacht cúirte.
Ciallaíonn Cláraitheoir	an duine nádúrtha nó eintiteas dlítheanach atá creidiúnaithe chun seirbhísí cláraithe a sholáthar don sealbhóir ainm fearainn, go díreach nó trí athdhíoltóirí, gníomhairí nó fo-chonraitheoirí de réir na dtéarmaí agus gcoinníollacha.
Ciallaíonn Clárlann, EURid nó muid	an comhlachas seachbhrabúsach EURid vzw (RPR an Bhruiséil - VAT BE0864.240.405, a bhfuil oifig cláraithe aige ag Telecomlaan 9, 1831 Diegem, an Bheilg) a bhí ceaptha ag an gCoimisiún Eorpach mar an mbainisteoir clárlainne den bhFearann Barrleibhéil .eu agus a chuid athróg eile i scrípteanna eile (.eu and .eu).
Ciallaíonn aísghairm/aísghairmthe/cúlghairm	go bhfuil an t-ainm fearainn neamghníomach (ar feadh tamailín) faoi réir imscrúdaithe, agus an toradh a bheith air seo go mbeidh an t-ainm fearainn athshuite nó ar fáil ar bhonn tús freastail a thabhairt don duine is luaithe é a chlárú.

Téarma	Sainmhíniú
Ciallaíonn rialacha	an reachtaíocht (AE) go léir, rialacháin agus rialacha is infheidhmithe ar ainmneacha fearainn faoin .eu agus a chuid athróg i scrípteanna eile, na Téarmaí agus coinníollacha seo, Rialacha ADR, an Polasaí príobháideachais mar a fhoilsítear ar an suíomh gréasáin.
Tagraíonn Láithreán Gréasáin	don suíomh gréasáin oifigiúil na clárlainne (eurid.eu) nó láithreáin ghréasáin eile dá dtaigrítear.

2. Ainm Fearainn a Chlárú

Is féidir ainm fearainn a chlárú ar bhonn tús freastail a thabhairt don duine is luaithe trí chlárúitheoir sa chás go gcomhlíonann tú na critéir incháilitheachta atá leagtha amach anseo, go bhfuil an t-ainm fearainn ar fáil agus go gcomhlíonann sé na ceanglais theicniúla mar atá foilsithe ar ár suíomh gréasáin.

Féadfaidh do chlárú ainm fearainn a bheith faoi réir fíoraithe do shonraí cláraithe agus roinnt seiceálacha slándála sa bhreis eile tráth ar bith, sula nó i ndiaidh d'ainm fearainn a chur sa bhfeidhmiú zón .eu, .eu or .eu

Féadann tú d'ainm fearainn a aistriú go cláraitheoir eile nó sealbhóir ainm fearainn nua a chomhlíonann na critéir cháilitheachta i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos ar ár suíomh gréasáin.

3. D'oibleagáidí

Trí an tréimhse chláraithe d'ainm fearainn, caithfidh tú:

- a. cloí leis na rialacha atá infheidhmithe agus na critéirí incháilitheachta seo a leanas a chomhlíonadh:
 - i. Is saoránaí an Aontais Eorpaigh thú, na hÍoslainne, an Lichtinstéin nó na hIorua, is cuma do ghnátháit chónaithe; nó
 - ii. Is duine nádúrtha thú nach saoránaí an Aontais Eorpaigh, na hÍoslainne, Lichtinstéin nó na hIorua, ach is cónaitheoir thú i mballstát an Aontais Eorpaigh, na hÍoslainne, Lichtinstéin nó na hIorua; nó
 - iii. Is gnóthas thú atá bunaithe san Aontas Eorpach, san Íoslainn, sa Lichtinstéin nó san Iorua; nó

- iv. Is eagraíocht thú bunaithe san Aontas Eorpach, san Íoslainn, sa Lichtinstéin nó san Iorua gan dochar do chur i bhfeidhm an dlí náisiúnta;
- b. Coimeádann tú sonraí cláraithe atá cruinn, iomlán agus cothrom le dáta an t-am go léir. Ní mór do shonraí cláraithe a bheith do shonraí féin, ní féidir iad a bheith sonraí do chláráitheora, nó de chuid seachshealbhóra nó ionadaí de dhuine nádúrtha nó eintiteas dlítheanach nach gcomhlaíonn na critéirí incháilitheachta. Is féidir do shonraí cláraithe a sheiceáil trí WHOIS a úsáid nó an tairsí cláraí slán atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin a úsáid. Más gá do shonraí cláraithe a úasdátú, is féidir iad a úasdátú trí do chláráitheoir amháin a úsáid. Má chuireann tú ar aghaidh sonraí cláraithe atá míchruinn, beidh sárú na dtéarmaí agus gcoinníollacha i gceist agus beidh seo ina bhforais d’ainm fearainn a aisghairm;
- c. Cuir ar fáil dúinn, nuair a iarrtar é an t-eolas go léir a fhíoraíonn do shonraí cláraithe;
- d. Cinntigh go n-airíonn do shonraí cláraithe seoladh ríomphoist atá in úsáid ionas go bhféadtar dul i dteagmháil leat go díreach;
- e. Ná chláraigh d’ainm fearainn i slí amhantrach agus ná bhain mí-úsáid de i slí a sháraíonn cearta tríú-páirtí, dlíthe nó rialacháin atá infheidhme, de mheon mhacánta, i gcoinne leasa phoiblí, nó chun aon chríche neamhdhleathaí;
- f. Cuir in iúl dúinn go pras má tharlaíonn aon imeachtaí dlíthiúla a bhaineann le d’ainm fearainn.

4. Téarma, athnuachan agus foirceann

Cuireann tús le téarma (in-athnuaite) cláraithe d’ainm fearainn (“**Téarma**”) ar an dáta cláraithe agus bíonn na raonta ama idir bliain amháin agus 10 mbliana. Mura luafar a mhalairt anseo nó mura gcomhaontóidh na páirithe, athnuafar go hintuigthe an téarma le haghaidh tréimhsí leantacha de bhliain amháin.

Ní féadtar clárú d’ainm fearainn a fhoirceannadh go díreach linn. Is féidir clárú d’ainm fearainn a fhoirceannadh i gcomhréir do chomhaontaithe do chláráitheora. Ní bheidh feidhm lena leithéid d’fhoirceannadh, ach má fhaigheann an Chlárlann, iarraidh cealúcháin tríd an gCláráitheoir roimh dheireadh an Téarma. Muna bhfaightear iarratas sin, beidh an táille athnuachana dlite.

Is féidir linn do chlárú ainm fearainn a fhoirceannadh agus d’ainm fearainn a aisghairm sna cásanna seo a leanas:

- a. nuair a gheofar fógra faoi chinneadh cúirte Ballstát, na hÍoslainne, an Lichtinstéin, nó na hIorua, a mheasann go bhfuil an t-ainm fearainn clúmhillteach, ciníoch nó contrártha don bheartas poiblí nó don tslándáil phoiblí de réir dlí an Aontais nó dlí náisiúnta a chomhlíonann le dlí an Aontais.
- b. nuair a gheofar fógra faoi chinneadh réiteach díospóide malartach (“**ADR**”) nó chinneadh

cúirte deiridh Ballstát, na hÍoslainne, an Lichtinstéin, nó na hIorua, a mheasann go bhfuil an t-ainm fearainn comhionann le hainm, nó atá cosúil leis ar bhealach mearbhlach, a mbunaítear ceart ina leith le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta agus a cláraíodh gan an cearta ná leas dlisteanach san ainm nó a cláraíodh nó a úsáidtear de mheon mímhacánta;

- c. fiacha atá ag dul dúinn nach bhfuil íoctha;
- d. Ní chomhlíonann tú na critéirí incháilitheachta;
- e. Tá tú ag sárú ár rialacha.

Sula aisghairimid d'ainm fearainn, gheobhaidh tú fógra uainn trí ríomphost faoi agus, nuair is féidir, gheobhaidh tú deis chun na forais aisghairmithe a réiteach. Mura bhféadtar na forais aisghairmithe a réiteach, nó iad a réiteach in am, aisghairfimid an t-ainm fearainn.

5. Táillí agus Íocaíocht

Is ar ár suíomh gréasáin a fhéadtar féachaint ar na táillí infheidhme a ghearraimid ar do chláráitheoir le haghaidh idirbhearta íoctha cosúil leis an gclárú, athnuachan, síneadh, aistriú, glásáil cháráithe agus athghníomhachtú d'ainm fearainn.

Is tusa a bheidh faoi dhliteanas na táillí a bhaineann le d'ainm fearainn a íoc in am do do chláráitheoir, táillí a fhaighimid trí do chláráitheoir ina dhiaidh sin. Níl an Chlárlann freagrach as aon teip ar pháirt an Chláráitheora sa tslí seo, lena n-áirítear teip a mbeadh de thoradh air nach gclárófaí an tAinm Fearainn nó go gcuirfí ar ceal an tAinm Fearainn lena mbaineann.

6. Díospóidí

Gan dochar d'imeachtaí cúirte, Déanfar aon díospóid a bhaineann le d'ainm fearainn trí sholáthreoir ADR de réir na Rialacha. I gcás díospóide, cuirfear d'ainm fearainn "ar coimeád" nuair a gheobhfar fógra faoi ADR nó imeachtaí cúirte atá ar siúl go dtí go gcuirfear deireadh leis na himeachtaí sin agus go dtí go mbeimid curtha ar an eolas faoin gcinneadh ábhartha.

7. Dliteanas

Ní bheimid faoi dhliteanas d'aon chaillteanas, lena n-áirítear caillteanas díreach nó neamhdhíreach nó caillteanas iarmhartach agus caillteanas brabús, cibé acu conarthach, bunaithe ar thort (lena n-áirítear faillí), nó ag eascairt as ar bhealach eile, de thoradh ar nó bainteach le clárúchán nó úsáid Ainm Fearainn nó úsáid bogearraí nó Láithreán Gréasáin na Clárlainne, fiú má tugadh comhairle di go bhféadfadh caillteanas den sórt sin tarlú, lena n-áirítear ach ní teoranta do:

- a. chlárúchán nó athnuachan (nó mainneachtain chlárúcháin nó athnuachana) Ainm Fearainn i bhfabhar Cláraí nó tríú páirtí de bharr earráide a bhaineann lena n-aitheantas;
- b. fhoirceannadh údarás na Clárlainne chun ainmneacha fearainn a chlárú sa bhFearann Barr Leibhéal;
- c. chearta a d'fhéadfadh tríú páirtithe a éileamh ar Ainm Fearainn,
- d. fhadhbanna nó lochtanna teicniúla;
- e. Aistriú nó asláithreacht aistrithe d'ainm fearainn
- f. gníomhartha nó neamhghníomhartha an chláraitheora, lena n-áirítear nuair a eascraíonn neamh-chlárú nó scrios an ainm fearainn ón mainneachtan sin.

Sa chás go n-iarrann aon údarás forfheidhmithe dlí orainn aon ghníomh a dhéanamh i gcoinne Ainm Fearainn (lena n-áirítear Ainm Fearainn a atreorú nó a neamhbhailíochtú, ach gan bheith teorannaithe do na nithe sin), comhlíonfaimid leis an iarraidh sin. Ní féidir a mheas go bhfuil EURid faoi dhliteanas i leith aon damáistí agus/nó aon chaillteanas a fhulaingíonn sealbhóir an Cláraí nó aon tríú páirtí mar thoradh ar an gcomhlíonadh sin.

Ar aon chuma, beidh ár ndliteanas do dhamáiste teoranta do mhéid na táille clárúcháin a bhaineann leis ag an am a gcuirfimid ar an eolas faoin díospóid. Aontaíonn tú nach n-éileofar aon damáistí níos mó ná aon damáistí eile uainn.

Tá tusa faoi dhliteanas le haghaidh aon chostais agus damáistí a thabhaímid dá bharr do shárú ar na Téarmaí agus Coinníollacha seo. Chomh maith leis sin, ní bheimid freagrach i gcás éileamh curtha isteach nó díospóidí tosaithe ag tríú páirtithe, agus déanfaidh tú muid a chúiteamh maidir le haon chostais a fhaightear nó damáistí a bhainfeadh di trí thríú páirtithe ag glacadh beart ina haghaidh ar an mbonn go sáraíonn clárúchán nó úsáid an Ainm Fearainn ag an gCláraí, cearta na dtríú páirtithe luaite.

8. Dlí agus dlínse infheidhmithe

Tá na Téarmaí agus Coinníollacha seo faoi réir dhlí na Beilge. I gcás aon díospóid idir EURid agus tusa, beidh dlínse eisiatach ag na cúirteanna sa Bhruiséile (sa Bheilg).

9. Cosainta sonraí pearsanta

Tríd an t-ainm fearainn a chlárú agus a athnuachan agus trí na Téarmaí agus coinníollacha seo a ghlacadh, údaraíonn tú agus más infheidhme, aon duine teagmhála eile a bhaineann le d'ainm fearainn na sonraí pearsanta agus eile a phróiseáil a bhfuil sé de cheangal orthu chun an córas ainm fearainn a oibriú de réir na Rialacha atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

10. Athmheas

Beidh d'ainm fearainn faoir réir na rialacha atá in éifeacht ar an dáta a cláraíodh nó a athnuaíodh d'ainm fearainn, cibé acu is déanaí. Is féidir linn na Téarmaí agus Coinníollacha a athrú tráth ar bith, i gcás den sórt sin cuirfimid na Téarmaí agus Coinníollacha nua ar ár suíomh gréasáin agus cuirfimid tú ar an eolas faoi 30 lá sula dtiocfaidh na téarmaí in éifeacht. Is féidir linn ligean thar ceal leis an tréimhse fógra de 30 lá i gcás athruithe teicniúla nó nós imeachta. Tiocfaidh na hathruithe sin in éifeacht nuair a sheolfar an fógra nó nuair a fhograítear fúthu ar ár suíomh gréasáin. I gcásanna a cláraíodh ainmneacha fearainn roimh dháta éifeachta na dtéarmaí agus gcoinníollacha athraithe, beidh na hainmneacha fearainn sin faoir réir na nósanna imeachta atá ar ár suíomh gréasáin.

11. Ábhar ilghnéitheach

Forchoimeáidimid an ceart dul i dteagmháil leat tráth ar bith i dtaca le ceisteanna a bhaineann le d'ainm fearainn. Déanfar teagmháil oifigiúil eadrainn trí ceann de na teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh tríd an seoladh ríomphost a sholáthair tú nuair a cláraíodh d'ainm fearainn.

Is féidir aon eolas nós imeachta agus teicniúil a bhaineann le d'ainm fearainn a fháil ar ár suíomh gréasáin.

I gcásanna a mbíonn neamhréireacht idir na leaganacha sna teangacha éagsúla mar gheall ar na Téarmaí agus Coinníollacha, beidh tosaíocht ag an leagan Béarla.